



# ESG 2015

Caighdeán agus Treoirínte um  
Dhearbhú Cáilíochta i Limistéar  
Eorpach an Ardoideachais



Caighdeán agus Treoirínte um  
Dhearbhú Cáilíochta i  
Limistéar Eorpach an Ardoideachais (ESG)

---

**Is féidir an foilseachán seo a lua faoina theideal:  
Caighdeáin agus Treoirínte um Dhearbhu Cáilíochta i Limistéar Eorpach an  
Ardoideachais (ESG) (2015). An Bhruiséil, an Bheilg.**

ISBN: 978-9-08-168672-3  
Taisce dhlíthiúil: D/2015/13.742/1

*Údair:*

An Cumann Eorpach um Dhearbhu Cáilíochta san Ardoideachas (ENQA)  
Aontas Eorpach na Mac Léinn (ESU)  
Cumann Eorpach na nOllscoileanna (EUA)  
Cumann Eorpach na nInstitiúidí san Ardoideachas (EURASHE)

I gcomhar le:

Oideachas Idirnáisiúnta (EI)

BUSINESSEUROPE

An Clár Eorpach um Dhearbhu Cáilíochta san Ardoideachas (EQAR)

*Dearadh & Foilseachán:*

Le EURASHE, thar ceann na n-údar. An Bhruiséil, An Bheilg. 2015



Tá an saothar seo ceadúnaithe faoin gCeadúnas Idirnáisiúnta 'Creative Commons Attribution-NonCommercial-ShareAlike 4.0'. Le féachaint ar chóip den cheadúnas seo, tabhair cuairt ar <http://creativecommons.org/licenses/by-nc-sa/4.0/>.

---

Arna chur i gcló le cúnamh ón tionscadal AE-mhaoinithe EQUIP.

Is tionscadal AE-mhaoinithe é an tionscadal *EQUIP* arb é is aidhm dó Cáilíocht a Fheabhsú trí Pholasáí & Chleachtas Nuálach san Ardoideachas Eorpach trí na ESG a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm ar bhonn comhleanúnach, éifeachtach agus nuálach do na páirtithe leasmhara go léir. Is iad comhpháirtithe EQUIP EURASHE, ENQA, EUA, ESU, Institiúid Taighde EI, EQAR, UiO IPED agus CCISP.



Co-funded by the  
Erasmus+ Programme  
of the European Union

Ní hionann cúnamh ón gCoimisiún Eorpach do tháirgeadh an fhoilseacháin seo agus faomhadh an ábhair a léiríonn tuairimí na n-údar amháin, agus ní féidir leis an gCoimisiún bheith freagrach as aon úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis ann.

# Clár Ábhar

<b>Brollach</b>	<b>7</b>
<b>I. Comhthéacs, Scóip, Cuspóirí agus Prionsabail</b>	<b>8</b>
Cur i gComhthéacs	8
Scóip agus Coincheapa	8
ESG: Cuspóirí agus Prionsabail	9
<b>II. Caighdeáin agus Treoirínte Eorpacha um Dhearbhú Cáilíochta san Ardoideachas</b>	<b>11</b>
Cuid 1: Caighdeáin agus Treoirínte um Dhearbhú Cáilíochta Inmheánach	12
Cuid 2: Caighdeáin agus Treoirínte um Dhearbhú Cáilíochta Seachtrach	19
Cuid 3: Caighdeáin agus Treoirínte do Ghníomhaireachtaí um Dhearbhú Cáilíochta	23
<b>III. Iarscríbhinn: Achoimre ar Chaighdeáin</b>	<b>27</b>



## Brollach

Ghlac na hAirí atá freagrach as an ardoideachas leis na Caighdeáin agus na Treoirí um Dhearbhú Cáilíochta i Limistéar Eorpach an Ardoideachais (ESG) sa bhliain 2005 d'fhonn togra arna ullmhú ag an gCumann Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta san Ardoideachas (ENQA) i gcomhar le hAontas Eorpach na Mac Léinn (ESU)<sup>1</sup>, le Cumann Eorpach na nInstitiúidí san Ardoideachas (EURASHE)) agus le Cumann Eorpach na nOllscoileanna (EUA).

Ón mbliain 2005 i leith, rinneadh dul chun cinn mór maidir le dearbhú cáilíochta chomh maith le bearta eile a moladh in Bologna: creataí cáilíochtaí, aitheantas agus úsáid torthaí foghlama a chur chun cinn. Dá bharr sin, tháinig athrú mór ar an ardoideachas nuair a tosaíodh a chur béime ar an bhfoghlaim agus ar an teagasc atá dírithe ar an mac léinn.

D'fhonn an chomhthéacs seo, tugadh cuireadh sa Chomhráiteas ó na hAirí don Ghrúpa E4 (ENQA, ESU, EUA, EURASHE) i gcomhar le hOideachas Idirnáisiúnta (EI), le BUSINESSEUROPE agus leis an gClár Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta san Ardoideachas (EQAR) togra tosaigh a ullmhú la haghaidh na ESG athbhreithnithe "d'fhonn iad a dhéanamh níos soiléire agus iad a fheabhsú le gur fusa iad a úsáid agus a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear an scóip a fheabhsú".

Cuireadh roinnt babhtaí comhairliúcháin i gcrích don athbhreithniú sin agus ba iad na páirtithe leasmhara agus na ranna is mó a bhain leis an ábhar a bhí páirteach sna comhairliúcháin sin. Rinneadh anailís chúramach ar an líon mór tuairimí agus moltaí a fuarthas agus rinne an Grúpa Stiúrtha (SG) measúnú orthu ar bhonn dáiríre. Tá siad le feiceáil sa leagan 2015 seo de na ESG.

Ghlac na hAirí atá freagrach as an ardoideachas i Limistéar Eorpach an Ardoideachais le ESG 2015 i Mí na Bealtaine 2015. Mar gheall ar na heagraíochtaí agus na ranna go léir a bhí páirteach san athbhreithniú, táimid muiníneach go bhfuil comhaontú eatarthu maidir leis an dearbhú cáilíochta a chur ar aghaidh i Limistéar Eorpach an Ardoideachais agus, ar an dóigh sin, bonn daingean a chur faoin obair le go gcuirfear i bhfeidhm iad mar is ceart.

An Cumann Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta san Ardoideachas (ENQA)  
Aontas Eorpach na Mac Léinn  
Cumann Eorpach na nOllscoileanna (EUA)  
Cumann Eorpach na nInstitiúidí san Ardoideachas (EURASHE)

### I gComhar le:

Oideachas Idirnáisiúnta (EI)  
BUSINESSEUROPE  
An Clár Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta san Ardoideachas (EQAR)

---

1. Ba é ESIB - Aontais Náisiúnta na Mac Léinn san Eoraip - an t-ainm a bhíodh ar ESU roimhe seo.

# I. Comhthéacs, Scóip, Cuspóirí agus Prionsabail

## Cur i gComhthéacs

Imríonn an t-ardoideachas, an taighde agus an nuálaíocht ról tábhachtach chun tacú le comhtháthú sóisialta, fás eacnamaíoch agus iomaíocht dhomhanda. De réir mar is mian leis an tsochaí san Eoraip bheith ag feidhmiú ar bhonn eolais mhaith, is amhlaidh is tábhachtaí an t-ardoideachas atá mar dhlúthchuid den fhorbairt chultúrtha agus shocheacnamaíoch. San am céanna, tá an t-éileamh ar scileanna agus inniúlachtaí ag dul i méid agus dá réir sin, tá sé riachtanach go mbeidh an t-ardoideachas ag freagairt ar bhealaí nua.

Má tá teacht ag níos mó daoine ar an ardoideachas, cuirfear deis ar fáil d'institiúidí ardoideachais úsáid a bhaint as taithí daoine aonair atá ag éirí níos ilghnéithí. Ní mór soláthar an ardoideachais a athrú ó bhun go barr le go mbeifear ag freagairt don éagsúlacht agus don ionchas méadaithe sin atá san ardoideachas; tá sé riachtanach go mbeidh cur chuige níos dírithe ar an mac léinn maidir le foghlaim agus teagasc agus fáilte a chur roimh bhealaí foghlama solúbtha agus aitheantas a thabhairt d'inniúlachtaí a fuarthas lasmuigh de churaclaim fhoirmiúla. Tá na hinstitiúidí ardoideachais féin ag léiriú níos mó éagsúlachta ina gcuid misean, ina modhanna soláthar oideachais agus ina gcomhoibriú, lena n-áirítear fás an idirnáisiúnaithe, foghlaim dhigiteach agus modhanna úra soláthar<sup>2</sup>. Is ríthábhachtach an ról atá ag an dearbhú cáilíochta chun tacú le córais agus institiúidí ardoideachais freagairt do na hathruithe sin agus a chinntiú freisin go mbeidh béim á cur i misean na n-institiúidí ar na cáilíochtaí atá an mac léinn i ndiaidh a ghnóthú agus ar an taithí atá siad i ndiaidh a fháil ar an ardoideachas.

Tá sé ar cheann de phríomhspricanna Chaighdeáin agus Threoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta i Limistéar Eorpach an Ardoideachais go gcuirfear leis an gcomhthuisctint ar dhearbhu cáilíochta maidir le foghlaim agus teagasc thar theorainneacha agus i measc na bpáirtithe leasmhara<sup>3</sup> go léir. Tá ról tábhachtach imeartha acu agus leanfaidh siad de bheith ag imrt ról tábhachtach maidir le córais náisiúnta agus institiúideacha dearbhaithe cáilíochta a fhorbairt ar fud Limistéar Eorpach an Ardoideachais (EHEA) agus maidir le comhoibriú trasteorann. Is é a cheadaítear do chórais ardoideachais san Eoraip an cháilíocht a léiriú agus an trédhearacht a mhéadú más amhlaidh go dtéann siad i ngleic le próisis dearbhaithe cáilíochta, go háirithe na próisis sheachtracha. Dá réir sin, tá siad ag cabhrú le cómhuintín a neartú agus aitheantas níos fearr a fháil dá gcuid cáilíochtaí, cláracha<sup>4</sup> agus soláthar eile.

Is é atá na ESG á n-úsáid ag institiúidí agus gníomhaireachtaí dearbhaithe cáilíochta mar dhoiciméad tagartha le haghaidh córais dearbhaithe cáilíochta inmheánacha agus sheachtracha san ardoideachas. Ina theannta sin, tá siad á n-úsáid ag an gClár Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta (EQAR) atá freagrach as an gclár gníomhaireachtaí dearbhaithe cáilíochta a bhíonn ag cloí leis na ESG.

## Scóip agus Coincheapa

Is sraith caighdeán agus treoirlínte le haghaidh dearbhú cáilíochta inmheánach agus seachtrach san ardoideachas iad na ESG. Ní caighdeán don cháilíocht iad na ESG agus ní leagann siad amach cad é mar a chuirfear na próisis dearbhaithe cáilíochta i bhfeidhm, tugann siad treoir agus cuimsíonn siad na réimsí atá ríthábhachtach do sholáthar ardcháilíochta agus do thimpeallachtaí foghlama san ardoideachas. Ba chóir na ESG a mheas i gcomhthéacs níos leithne ina gcuimsítear creataí cáilíochtaí, ECTS agus forlíonadh dioplóma a chuireann leis an trédhearacht agus leis an gcómhuintín san ardoideachas a chur chun cinn san EHEA freisin.

**Tá focús na ESG ar dhearbhu cáilíochta a bhaineann le foghlaim agus teagasc san ardoideachas, lena n-áirítear an timpeallacht foghlama agus nascanna ábhartha le taighde agus nuálaíocht.** Ina theannta sin, tá polasaithe agus próisis ag institiúidí a chinntíonn cáilíocht na ngníomhaíochtaí eile atá acu, mar thaighde agus rialachas, agus a chuireann feabhas orthu.

2. Cumarsáid ón gCoimisiún Eorpach: *Opening up Education: Innovative teaching and learning for all through new Technologies and Open Educational Resources*, COM(2013) 654 final, [http://ec.europa.eu/education/news/doc/openingcom\\_en.pdf](http://ec.europa.eu/education/news/doc/openingcom_en.pdf)

3. Mura sonraítear a mhalairt, tuigtear sa doiciméad seo gurb ionann páirtithe leasmhara agus na páirtithe go léir laistigh d'institiúid, lena n-áirítear mic léinn agus foireann, comh maith le páirtithe seachtracha mar fhostóirí agus mar chomhpháirtithe seachtracha institiúide.

4. Is é a thagraíonn an téarma "clár" sna caighdeáin seo do sholáthar ardoideachais sa chiall is leithne, lena n-áirítear soláthar nach cuid de chlár céime foirmiúla é.



**Tá na ESG infheidhme maidir leis an ardoideachas go léir a chuirtear ar fáil san EHEA ar neamhchead don mhodh staidéir ná don ionad soláthar.** Mar sin, tá na ESG infheidhme maidir le gach soláthar ardoideachais, lena n-áirítear soláthar trasnáisiúnta agus trasteorann. **Sa doiciméad seo, tagraíonn an téarma “clár” don ardoideachas sa chiall is leithne,** lena n-áirítear ardoideachas nach cuid de chlár céime foirmiúla é.

Is é is aidhm don ardoideachas go mbainfear an iliomad cuspóirí amach; lena n-áirítear mic léinn a ullmhú le bheith ina saoránaigh ghníomhacha, iad a ullmhú don tslí bheatha a bheidh acu amach anseo (m.sh. cabhrú le chomh hinfhostaithe agus a bheidh siad), tacú lena bhforbairt phearsanta, bonn eolais atá forásach leathan a chruthú agus taighde agus nuálaíocht a spreagadh. Mar sin de, is féidir le páirtithe leasmhara amharc ar an gcáilíocht san ardoideachas go difriúil. B'fhéidir go bhfuil siad ag tabhairt tús áite do chuspóirí difriúla. Ní mór na peirspíochtaí difriúla sin a bhreithniú sa dearbhú cáilíochta. Is é is ann don cháilíocht, cé nach furasta í a shainiú, mar go bhfuil idirchaidreamh idir múinteoirí, mic léinn agus an timpeallacht foghlama institiúideach. Ba chóir don dearbhú cáilíochta timpeallacht foghlama a chinntiú ina bhfuil ábhar na gcláracha, deiseanna agus áiseanna foghlama oiriúnach don chuspóir.

I gcoirílár na ngníomhaíochtaí go léir a bhaineann leis an dearbhú cáilíochta, tá an dá chuspóir le fáil: an chuntasacht agus an feabhsúchán. An dá rud le chéile, cuirtear muintín i bhfeidhmiú na hinstitiúide ardoideachais. Má chuirtear córas dearbhaithe cáilíochta i bhfeidhm go héifeachtach, cuirfear eolas ar fáil le cáilíocht ghníomhaíochtaí na hinstitiúide ardoideachais a dhearbhu don institiúid ardoideachais agus don phobal (an chuntasacht) chomh maith le comhairle agus moltaí a chur ar fáil maidir leis an dóigh a bhféadfadh an institiúid feabhsú cad atá sí a dhéanamh (feabhsúchán). Tá ceangal ag dearbhú cáilíochta agus ag feabhsú cáilíochta le chéile ar an tslí sin. Is féidir leo tacú le cultúr cáilíochta a fhorbairt lena nglacfaidh gach páirtí go fonnmhar: na mic léinn, an fhoireann acadúil, ceannairí agus bainisteoirí na hinstitiúide.

**Is é atá an téarma ‘dearbhu cáilíochta’ á úsáid sa doiciméad seo le cur síos ar na gníomhaíochtaí go léir laistigh den timthriall feabhsúcháin leanúnach (m.sh. gníomhaíochtaí dearbhaithe agus feabhsúcháin).**

Mura sonraítear a mhalairt, tuigtear sa doiciméad gurb ionann páirtithe leasmhara agus na páirtithe go léir laistigh d’institiúid, lena n-áirítear mic léinn agus foireann, comh maith le páirtithe leasmhara seachtracha mar fhostóirí agus comhpháirtithe seachtracha institiúide.

Is é atá an focal institiúid á úsáid sna caighdeáin agus treoirínte le tagairt d’institiúidí ardoideachais. Ag brath ar chur chuige na hinstitiúide i leith dearbhú cáilíochta, is féidir leis tagairt, áfach, don institiúid ina hiomláine nó do pháirtithe ar bith laistigh den institiúid sin.

## Na ESG: Cudpóirí agus Prionsabail

Tá na cuspóirí seo a leanas ag na ESG:

- **Leagann siad amach creat coiteann** do chórais dearbhaithe cáilíochta le haghaidh foghlaim agus teagasc ar an mbonn Eorpach, ar an mbonn náisiúnta agus ar an mbonn institiúideach;
- **Cuireann na ESG ar chumas na n-institiúidí ardoideachais dearbhú agus feabhsú cáilíochta a chur ar fáil** san ardoideachas i limistéar Eorpach an ardoideachais;
- **Tacaíonn siad le cómhuintín**, rud a éascóidh aitheantas agus soghluaiseacht laistigh de theorainneacha náisiúnta agus tharstu sin;
- **Cuireann siad eolas ar fáil faoi dhearbhu cáilíochta** san EHEA.

Cuireann na cuspóirí seo creat ar fáil ina bhféadfaidh institiúidí, gníomhaireachtaí agus tíortha difriúla na ESG a úsáid agus a chur i bhfeidhm ar bhealaí difriúla. Is saintréith den EHEA é chomh héagsúil agus atá na córais pholaitiúla, córais ardoideachais, traidisiúin oideachasúla agus shoch-chultúrtha, teangacha, mianta agus ionchas. Ní bheadh cur chuige ollmhór amháin i leith cáilíochta agus dearbhú cáilíochta san ardoideachas fóirsteanach sa chás seo. Is réamhchoinníoll é glacadh go forleathan leis na caighdeáin go léir sula gcuirfear an chomhthuiscint ar dhearbhu cáilíochta ar aghaidh san Eoraip. Ar na cúiseanna sin, ní mór do na ESG a bheith go measartha inaistrithe lena chinntiú go bhfuil siad infheidhme maidir le gach cineál soláthair.

5. Moladh Rec (2007)6 le Coiste Airí Chomhairle na hEorpa maidir le freagracht phoiblí as ardoideachas agus taighde, [http://www.coe.int/t/dg4/highereducation/News/pub\\_res\\_EN.pdf](http://www.coe.int/t/dg4/highereducation/News/pub_res_EN.pdf)

Is é a chuirtear na critéir ar fáil sna ESG lena ndéanfar measúnú ar ghníomhaireachtaí dearbhaithe cáilíochta agus ar a gcuid gníomhaíochtaí<sup>6</sup>. Cinnteofar mar sin go mbeidh na gníomhaireachtaí dearbhaithe cáilíochta san EHEA ag cloí leis an tsraith chéanna prionsabal agus go léireofar na próisis agus na nósanna imeachta le cur in oiriúint do chuspóirí agus riachtanais na gcomhthéacsanna.

Tá na ESG bunaithe ar na ceithre phrionsabal seo a leanas i leith dearbhú cáilíochta san EHEA:

- Tá freagracht phríomhúil ar institiúidí ardoideachais as cáilíocht an tsoláthair atá acu agus as a dhearbhú;
- Freagraíonn dearbhú cáilíochta don éasgúlacht atá sna córais, sna hinstitiúidí, sna cláracha agus ag mic léinn ardoideachais;
- Tacaíonn dearbhú cáilíochta le cultúr cáilíochta a fhorbairt;
- Cuimsíonn dearbhú cáilíochta riachtanais agus ionchas na mac léinn, gach aon pháirtí eile agus na sochaí.

---

6. Déanfar athbhreithniú seachtrach ar ghníomhaireachtaí a chuireann iarratas isteach le go gcuirfead a n-ainmneacha ar an gClár Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta agus cuireann na ESG na critéir ar fáil don athbhreithniú sin. Cuireann an Cumann Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta san Ardoideachas (ENQA) tábhacht ar leith le ghníomhaireachtaí dearbhaithe cáilíochta a bheith ag cloí leis na ESG freisin nuair a bheidh stádas lánbhallraíochta le deonú dóibh sin faoi scáth an Chumainn.

## II. Caighdeáin agus Treoirínte Eorpacha um Dhearbhú Cáilíochta san Ardoideachas

Roinneadh na caighdeáin um dhearbhú cáilíochta ina trí chuid:

- Dearbhú cáilíochta inmheánach
- Dearbhú cáilíochta seachtrach
- Gníomhaireachtaí dearbhaithe cáilíochta

Ba chóir cuimhneamh air, áfach, go bhfuil na trí chuid nasctha le chéile go nádúrtha agus is iad na trí chuid sin a chuireann an bonn faoin gcreat Eorpach um dhearbhú cáilíochta. Aithníonn dearbhú cáilíochta seachtrach i gCuid 2 na caighdeáin do dhearbhú cáilíochta inmheánach i gCuid 1, rud a chinnteoidh go mbaineann obair inmheánach na n-institiúidí go díreach le haon dearbhú cáilíochta seachtrach a chuirfidh siad i gcrích. Ar an gcaoi chéanna, is é a thagraíonn Cuid 3 do Chuid 2. Mar sin, bíonn na trí chuid sin ag feidhmiú ar bhonn comhlántach in institiúidí ardoideachais agus i ngníomhaireachtaí chomh maith. Bíonn siad ag feidhmiú freisin ar an mbonn tuisceana go gcuirfidh páirtithe eile leis an gcreat. Dá bharr sin, ba chóir na trí chuid sin a léamh mar aonad iomlán amháin.

Leagann *na caighdeáin* amach cleachtas do dhearbhú cáilíochta san ardoideachas san EHEA ar caighdeáin iad atá comhaontaithe agus a bhfuil glacadh leo. Dá bhrí sin, ba chóir do gach páirtí ábhartha aird a tharraingt orthu agus cloí leo i ngach cineál soláthar ardoideachais<sup>7</sup>. Tá achoimre ar na caighdeáin le fáil san iarscríbhinn le gur furasta tagairt dóibh.

Míníonn na treoirínte cén fáth a bhfuil an caighdeán tábhachtach agus cuireann siad síos ar an dóigh a bhféadfaí caighdeáin a chur i bhfeidhm. Leagann siad amach dea-chleachtas sa réimse ábhartha le gur féidir leis na páirtithe a bhaineann le dearbhú cáilíochta iad a bhreithniú. Beidh an cur i bhfeidhm ag athrú de réir comhthéacsanna difriúla.

---

7. Is é a bhaineann na caighdeáin úsáid as an nathán coitianta Gaeilge "ba chóir" ina gcuirtear saintreoir nó comhlíonadh in iúl.

## **CUID 1**

Caighdeán agus treoirlínte  
um dhearbhú cáilíochta inmheánach

---

## 1.1 Polasaí maidir le Dearbhú Cáilíochta

### Caighdeán

Ba chóir go mbeadh polasaí maidir le dearbhú cáilíochta ag institiúidí a chuirtear ar fáil don phobal agus atá mar dhlúthchuid den bhainistíocht straitéise acu. Ba chóir do pháirtithe leasmhara inhmeánacha an polasaí sin a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm trí struchtúir agus trí phróisis oiriúnacha agus iad ag tabhairt ar pháirtithe leasmhara seachtracha a bheith páirteach san obair sin ag an am céanna.

### Treoirínite

Is iad na polasaithe agus na próisis croí an chórais dearbhaithe cáilíochta san institiúid - is córas comhtháite é a chruthaíonn timthriall feabhsúcháin leanúnach agus a chuireann le cuntasacht na hinstitiúide. Tacaíonn siad le cultúr cáilíochta a fhorbairt ina bhfuil gach páirtí leasmhar inmheánach freagrach as cáilíocht agus ina bhfuil siad réidh dul i ngleic le dearbhú cáilíochta ar gach leibhéal den institiúid. Mar gheall air sin, tá stádas foirmiúil ag an bpolasaí agus cuirtear ar fáil don phobal é.

Is iad na polasaithe is mó éifeacht maidir le dearbhú cáilíochta atá ann nuair a bhíonn an caidreamh idir taighde agus foghlaim & teagasc le feiceáil go soiléir agus nuair a bhíonn aird á díriú ar an gcomhthéacs náisiúnta ina bhfuil an institiúid ag feidhmiú, ar an gcomhthéacs institiúideach agus ar a cur chuige straitéiseach. Tacaíonn polasaí den chineál sin:

- córas dearbhaithe cáilíochta a eagrú;
- ranna, scoileanna, dámha agus aonaid eagrúcháin eile chomh maith le ceannairí institiúide, baill foirne agus mic léinn indibhidiúla dearbhú cáilíochta a ghlacadh de chúram orthu féin;
- ardchaighdeán agus saoirse acadúil agus bheith faichilleach faoi chalaíoch acadúil;
- cosaint a thabhairt in aghaidh éadulaingt d'aon chineál agus in aghaidh leithcheal a dhéanamh ar mhic léinn nó ar an bhfoireann;
- páirtithe leasmhara seachtracha a bheith páirteach sa dearbhú cáilíochta.

As an bpolasaí a thagann an cleachtas trí raon éagsúil de phróisis dearbhaithe cáilíochta inmheánacha agus is iad a cheadaíonn do na páirtithe leasmhara bheith páirteach san obair ar fud na hinstitiúide. Is í an institiúid a dhéanann cinneadh maidir leis an dóigh a gcuirtear an polasaí i bhfeidhm agus an dóigh a ndéantar monatóireacht agus athbhreithniú air.

Cuimsíonn an polasaí maidir le dearbhú cáilíochta aon ghnéithe de ghníomhaíochtaí institiúide a chuirtear amach ar fochonradh nó a chuireann páirtithe eile i gcrích.

## 1.2 Cláracha a Dhearadh agus a Fhaomhadh

### Caighdeán

Ba chóir go mbeadh próisis ag institiúidí lena gcuid cláracha a dhearadh agus a fhaomhadh. Ba chóir na cláracha a dhearadh le go mbainfidís na spriocanna amach atá leagtha amach dóibh, lena n-áirítear na torthaí foghlama atá beartaithe. Ba chóir an cháilíocht sin a bhaintear amach de thoradh cláir a lua go sonrath agus a chur in iúl go soiléir, agus tagairt do leibhéal ceart an chreata náisiúnta cáilíochtaí um ardoideachas agus, dá bharr sin, tagairt don Chreat Cáilíochtaí i Limistéar Eorpach an Ardoideachais.

### Treoirínite

Tá cláracha staidéir i gcoilár mhisean teagaisc institiúidí an ardoideachais. Soláthraíonn siad eolas acadúil agus scileanna acadúla do na mic léinn, lena n-áirítear eolas agus scileanna inaistrithe, a d'fhéadfadh dul i gcion ar a bhforbairt phearsanta agus a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm sa tslí bheatha a bheidh acu amach anseo.

#### Cláracha

- Déantar na cláracha a dhearadh le spriocanna cláir foriomlána atá ag teacht le straitéis na hinstitiúide agus beidh torthaí foghlama soiléire atá beartaithe sna cláracha sin;
- Déantar na cláracha a dhearadh trí bhithín iarraidh ar mhic léinn agus ar pháirtithe leasmhara eile a bheith páirteach san obair;

- Baineann cláracha leas as saineolas seachtrach agus pointí tagartha seachtacha;
- Tá ceithre chuspóir ardoideachais de chuid Chomhairle na hEorpa le feiceáil iontu (féach Scóip agus Coincheapa);
- Déantar na cláracha a dhearadh le go mbeidh na mic léinn in ann dul chun cinn a dhéanamh go furasta;
- Déantar ualach oibre an mhic léinn a lua go sonrath sna cláracha, m.sh. in ECTS;
- Áirítear deiseanna socrúcháin dea-struchtúrtha, nuair is cuí sin, sna cláracha<sup>8</sup>;
- Ní mór na cláracha a chur faoi phróiseas faofa foirmiúil institiúideach.

## 1.3 Foghlaim, Teagasc agus Measúnú atá Dírithe ar an Mac Léinn

### Caighdeán

Ba chóir d'institiúidí a chinntiú go soláthrófaí cláracha ar dhóigh a spreagtar mic léinn ról gníomhach a ghlacadh i gcruthú an phróisis foghlama, agus go mbeadh an cur chuige sin le feiceáil go soiléir le linn na mic léinn a mheasúnú.

### Treoirínite

Tá ról tábhachtach ag an bhfoghlaim agus an teagasc atá dírithe ar an mac léinn lena chuid spéise, a fhéinmheabhrú agus a pháirt sa phróiseas foghlama a spreagadh. Is ionann sin is a rá go gcaithfear dearadh agus soláthar cláracha staidéir agus measúnú torthaí a bhreithniú go cúramach.

Má chuirtear foghlaim agus teagasc i bhfeidhm atá dírithe ar an mac léinn

- Tá meas á léiriú do chomh héagsúil agus atá na mic léinn agus a gcuid riachtanas agus tá riar á dhéanamh orthu, lena bhféadfaí bealaí foghlama solúbtha a chur ar fáil;
- Déantar modhanna difriúla soláthar a bhreithniú agus baintear úsáid astu nuair is cuí sin;
- Baintear úsáid as raon éagsúil de mhodhanna oideolaíocha ar bhonn solúbtha;
- Déantar measúnú ar na modhanna soláthar agus na modhanna oideolaíocha ar bhonn rialta agus déantar iad sin a choigeartú;
- Spreagtar neamhspleáchas san fhoghlaim agus déantar cinnte de go bhfaightear treoir agus tacaíocht sách maith ón múinteoir;
- Cuirtear cóimheas ar aghaidh sa chaidreamh idir an mac léinn agus an múinteoir;
- Cuirtear nósanna imeachta oiriúnacha ar fáil le déileáil le gearáin ó mhic léinn.
- Ó tharla chomh tábhachtach agus atá measúnú i dtaca le dul chun cinn na mac léinn agus lena slite beatha atá amach rompu, tá aird á tarraingt sna próisis dearbhaithe cáilíochta i leith measúnú ar na nithe seo a leanas:
- Tá measúnóirí eolach ar na modhanna tástála agus scrúdaithe atá ann faoi láthair agus faigheann siad tacaíocht lena gcuid scileanna féin a fhorbairt sa réimse sin;
- Foilsítear na critéir measúnaithe agus an modh measúnaithe chomh maith le critéir marcála roimh ré;
- De bharr an mheasúnaithe, is féidir leis na mic léinn a léiriú a mhéad a ghnóthaítear na torthaí foghlama atá beartaithe. Tugtar aiseolas do mhic léinn áirithe atá nasctha, de réir mar is gá, le comhairle faoin bpróiseas foghlama;
- Nuair is féidir, déanann níos mó ná measúnóir amháin an measúnú;
- Cuirtear imthosca maolaitheacha san áireamh sna rialacháin measúnaithe;
- Tá nós imeachta foirmiúil i bhfeidhm maidir le hachomhairc ó mhic léinn.

## 1.4 An Mac Léinn: Iontráil, Dul Chun Cinn, Aitheantas agus Teastasú

### Caighdeán

Ba chóir d'institiúidí rialacháin fhoilsithe agus réamhshainithe a chur i bhfeidhm i gcónaí a chuimsíonn gach céim de "shaolré" an mhic léinn, m.sh. iontráil an mhic léinn, dul chun cinn, aitheantas agus teastasú.

8. Cuimsíonn socrúcháin cúrsaí oiliúna, intéirneachtaí agus tréimhsí eile den chlár nach gcaitear san institiúid ach a cheadaíonn don mhac léinn taithí a fháil i réimse a bhaineann lena staidéar.

## Treoirlínte

Má chuirtear na cúinsí agus an tacaíocht sin ar fáil atá riachtanach do mhic léinn dul chun cinn a dhéanamh ina slí bheatha acadúil, is chun leas na mac léinn indibhidiúil, na gcláracha, na n-institiúidí agus na gcóras é. Tá sé rithabhachtach go gcuirtear ar fáil nósanna imeachta iontrála, aitheantais agus críochnúcháin atá oiriúnach don chuspóir, go háirithe nuair a bhíonn mic léinn ag gluaiseacht laistigh de chórais ardoideachais agus ar fud na gcóras sin.

Tá sé tábhachtach go gcuirtear polasaithe rochtana, próisis agus critéir iontrála i bhfeidhm i rith an ama agus ar bhonn trédhearcach. Bíonn ionduchtúchán san institiúid agus sa chlár á chur ar fáil.

Ní mór d'institiúidí próisis agus uirlisí araon a chur ar fáil le heolas a thiomsú faoi dhul chun cinn an mhic léinn, monatóireacht a dhéanamh agus gníomhú air.

Is dlúthchuid thábhachtach iad aitheantas cóir a thabhairt do cháilíochtaí ardoideachais, do thréimhsí staidéir agus don fhoghlaim a fuarthas roimhe, lena n-áirítear an fhoghlaim neamhfhoirmiúil agus sheachfhoirmiúil a aithint, lena chinntiú go ndéanann na mic léinn dul chun cinn ina gcuid staidéir agus go gcuirtear soghluaiseacht chun cinn. Tá nósanna imeachta oiriúnacha maidir le cáilíochtaí a aithint ag brath ar na nithe seo a leanas:

- Tá an cleachtas institiúideach maidir le cáilíochtaí a aithint ag teacht le prionsabail Choinbhinsiún Liospóin;
- Comhoibriú le hinstitiúidí eile, gníomhaireachtaí dearbhaithe cáilíochta agus an lárionad náisiúnta ENIC/NARIC d'fhonn aitheantas comhleanúnach a chinntiú ar fud na tíre.

Nuair a bhronntar an chéim ar an mac léinn, cuirtear in iúl gur bhain sé ceann scríbe a thréimhse staidéir amach. Ní mór do mhic léinn doiciméid a fháil a mhíníonn an cháilíocht atá siad i ndiaidh a ghnóthú, lena n-áirítear torthaí foghlama atá siad i ndiaidh a ghnóthú agus comhthéacs, leibhéal, ábhar agus stádas an staidéir atá siad i ndiaidh a dhéanamh agus a chur i gcrích go rathúil.

## 1.5 Foireann teagaisc

### Caighdeán

Ba chóir d'institiúidí inniúlacht a gcuid múinteoirí féin a dhearbhu dóibh féin. Ba chóir dóibh próisis chothroma thrédhearcacha a chur i bhfeidhm le foireann a earcú agus a fhorbairt.

### Treoirlínte

Tá ról an mhúinteora riachtanach le taithí ardchaighdeán a chruthú don mhac léinn agus lena chur ar a chumas eolas, inniúlachtaí agus scileanna a shealbhú. Is de bharr éagsúlacht na mac léinn agus an fócas ar thorthaí foghlama a bheith níos láidre go bhfuil gá le foghlaim agus teagasc atá dírithe ar an mac léinn agus tá ról an mhúinteora ag athrú freisin dá bhrí sin. (féach Caighdeán 1.3).

Tá freagracht phríomhúil ar institiúidí ardoideachais as caighdeán na foirne atá acu agus as timpeallacht thacúil a chur ar fáil dóibh ionas go mbeidh sé ar a gcumas a gcuid oibre a chur i gcrích go héifeachtach.

I dtimpeallacht den chineál sin

- Cuirtear próisis atá cothrom, trédhearcach agus soiléir ar bun le foireann a earcú agus leantar na próisis sin agus bíonn coinníollacha fostaíochta i bhfeidhm a thugann aitheantas do thábhacht an teagaisc;
- Cuirtear deiseanna ar fáil le foireann teagaisc a fhorbairt go gairmiúil agus cuirtear chun cinn iad sin;
- Spreagtar gníomhaíochtaí léannta leis an nasc a dhaingniú idir an t-oideachas agus an taighde;
- Spreagtar an inniúlacht maidir le modhanna teagaisc agus na teicneolaíochtaí nua a úsáid.

## 1.6 Acmhainní foghlama agus tacaíocht don mhac léinn

### Caighdeán

Ba chóir maoiniúchán mar is cuí a chur ar fáil d'institiúidí le haghaidh gníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc agus ba chóir dóibh a chinntiú go gcuirfí acmhainní foghlama fóirsteanacha inrochtana agus tacaíocht don mhac léinn ar fáil.

### Treoirínte

Chun go mbíonn taithí mhaith ag an mac léinn ar an ardoideachas, cuireann institiúidí raon acmhainní ar fáil le cabhrú le foghlaim an mhic léinn. Ina measc sin, tá acmhainní fisiciúla mar leabharlanna, áiseanna staidéir agus infreastruchtúr TF agus daontacaíocht i bhfoirm teagascóirí, sainchomhairleoirí agus comhairleoirí eile. Tá tábhacht ar leith le ról na seirbhísí tacaíochta le gur féidir le mic léinn gluaiseacht go furasta laistigh de chórais ardoideachais agus ar fud na gcóras sin.

Cuirtear na nithe seo a leanas san áireamh nuair a bhítear ag leithdháileadh, ag pleanáil agus ag soláthar acmhainní foghlama agus tacaíochta don mhac léinn - na riachtanais atá ag daonra mac léinn éagsúil (m.sh. mic léinn atá aibí, páirtaimseartha, fostaithe agus mic léinn idirnáisiúnta chomh maith le mic léinn atá faoi mhíchumas) agus an t-athrú i dtreo na foghlama atá dírithe ar an mac léinn agus ar mhodhanna foghlama agus teagaisc atá solúbtha.

Is féidir gníomhaíochtaí agus áiseanna tacaíochta a eagrú ar roinnt bealaí difriúla ag brath ar chomhthéacs na hinstiúide. Cinntíonn an dearbhú cáilíochta inhmeánach, áfach, go bhfuil na hacmhainní go léir oiriúnach don chuspóir, inrochtana, agus go gcuirtear na mic léinn ar an eolas faoi na seirbhísí atá ar fáil dóibh.

Tá ról na foirne tacaíochta agus na foirne riaracháin ríthábhachtach le seirbhísí tacaíochta a sholáthar agus ní mór dóibh bheith cáilithe dá bhrí sin agus ní mór deiseanna a chur ar fáil dóibh lena gcuid inniúlachtaí a fhorbairt.

## 1.7 Bainistiú faisnéise

### Caighdeán

Ba chóir d'institiúidí a chinntiú go dtiomsóidís faisnéis ábhartha, anailís a dhéanamh uirthi agus úsáid a bhaint aisti le cláracha agus gníomhaíochtaí eile dá gcuid a bhainistiú go héifeachtach.

### Treoirínte

Tá sonraí iontaofa ríthábhachtach le go ndéantar cinnteoireacht ar bhonn eolais mhaith agus go bhfuil a fhios ag an institiúid cad é atá ag feidhmiú go maith agus cad é a gcaithfidh sí a haird a thabhairt air. Is é a bhaineann an córas dearbhaithe cáilíochta inmheánach úsáid as próisis éifeachtacha le faisnéis a thiomsú faoi chláracha staidéir agus faoi ghníomhaíochtaí eile agus anailís a dhéanamh orthu.

Tá an fhaisnéis a thiomsaítear ag brath, ar shlí, ar chineál agus ar mhisean na hinstiúide. Tá tábhacht leis na nithe seo a leanas:

- Eochairtháscairí feidhmíochta;
- Próifíl daonra na mac léinn;
- Dul chun cinn an mhic léinn, rátaí maidir le mic léinn a n-éiríonn leo sa chlár staidéir agus mic léinn a fhágann an clár staidéir;
- Sástacht na mac léinn lena gcláracha;
- Conair ghairme na gcéimithe.

Is féidir modhanna éagsúla a úsáid le faisnéis a thiomsú. Tá sé tábhachtach go bhfuil mic léinn agus an fhoireann páirteach san obair chun faisnéis a sholáthar agus anailís a dhéanamh uirthi agus gníomhaíochtaí ina dhiaidh sin a pleanáil.



## 1.8 Eolas poiblí

### Caighdeán

Ba chóir d'institiúidí eolas a phoibliú faoina gcuid gníomhaíochtaí, lena n-áirítear eolas faoi chláracha, atá soiléir, beacht, oibiachtúil, cothrom le dáta agus inrochtana.

### Treoirínite

Tá eolas faoi ghníomhaíochtaí institiúidí úsáideach do mhic léinn reatha agus ionchasacha agus do chéimithe chomh maith, do pháirtithe leasmhara eile agus don phobal.

Dá bharr sin, soláthraíonn institiúidí eolas faoina gcuid gníomhaíochtaí, lena n-áirítear eolas faoi na cláracha a chuireann siad le chéile agus faoi na critéir roghnúcháin do na cláracha sin, torthaí foghlama na gcláracha atá beartaithe, na cáilíochtaí a bhronnann siad, na pasrátaí agus na deiseanna foghlama atá ar fáil dá gcuid mac léinn chomh maith le heolas faoi fhostaíocht céimithe.

## 1.9 Monatóireacht leanúnach agus athbhreithniú tráthrialta ar chláracha

### Caighdeán

Ba chóir d'institiúidí monatóireacht a dhéanamh ar a gcláracha agus athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh orthu a chinntíonn go mbaineann siad na spriocanna amach atá leagtha amach dóibh agus go bhfuil siad ag riar do riachtanais na mac léinn agus na sochaí. Is é an toradh atá ar na hathbhreithnithe sin gur chóir go gcuirfí feabhas leanúnach ar an gclár. Más mian leis an institiúid aon bhearta a phleanáil nó a chur i gcrích dá thoradh sin, ba chóir é sin a chur in iúl go soiléir dóibh sin go léir lena mbaineann.

### Treoirínite

Is é is aidhm don mmonatóireacht, don athbhreithniú agus don leasú rialta, a dhéantar ar chláracha staidéir, a chinntiú go bhfuil an soláthar fóirsteanach ar fad agus go gcuirtear timpeallacht foghlama atá éifeachtach agus tacúil ar fáil do na mic léinn.

Déantar meastóireacht ar na nithe seo a leanas:

- Ábhar an chlár i bhfianaise an taighde is déanaí sa disciplín áirithe sin, rud a chinntíonn go bhfuil an clár cothrom le dáta;
- Riachtanais na sochaí a bhíonn ag athrú;
- Ualach oibre na mac léinn, dul chun cinn agus cur i gcrích na hoibre;
- Éifeachtacht nósanna imeachta maidir le mic léinn a mheasúnú;
- Ionchas, riachtanais agus sástacht an mhic léinn maidir leis an gclár;
- An timpeallacht foghlama agus seirbhísí tacaíochta agus a n-oiriúnacht do chuspóir an chlár.

Déantar athbhreithniú agus leasú ar na cláracha go rialta agus bíonn mic léinn agus páirtithe leasmhara eile páirteach san obair sin. Déantar anailís ar an bhfaisnéis a thiomasaítear agus déantar an clár a choigeartú, rud a chinntíonn go bhfuil sé cothrom le dáta. Foilsítear sonraíochtaí faoin gclár athbhreithnithe.

## 1.10 Dearbhú cáilíochta seachtrach féilteúil

### Caighdeán

Ba chóir dearbhú cáilíochta seachtrach a chur i bhfeidhm ar institiúidí de réir na ESG ar bhonn féilteúil.

### Treoirínite

Is féidir le dearbhú cáilíochta seachtrach ina chuid foirmeacha éagsúla cruthúnas a chur ar fáil faoi éifeachtacht dearbhú cáilíochta inmheánach na n-institiúidí, is féidir leis bheith ina chatalaíoch i leith feabhsúcháin agus peirspíochtaí nua a thabhairt don institiúid. Cuirfidh sé eolas ar fáil a dhearbhaídh cáilíocht ghníomhaíochtaí na hinstiúide don institiúid féin agus don phobal.

Glacann institiúidí páirt i ndearbhú cáilíochta seachtrach féiltiúil a chuireann san áireamh, nuair is cuí, ceanglais an chreata reachtaigh ina bhfuil siad ag feidhmiú. Dá bharr sin, ag brath ar an gcreat, d'fhéadfaí an dearbhú cáilíochta seachtrach a chur i gcrích i bhfoirmeacha difriúla agus fócasú ar leibhéil eagrúcháin dhifriúla (clár, dámh nó institiúid).

Is próiseas leanúnach é an dearbhú cáilíochta nach gcríochnaíonn leis an aiseolas seachtrach nó tuarascáil nó lena iarphróiseas laistigh den institiúid. Dá bharr sin, cinntíonn institiúidí go gcuirtear san áireamh an dul chun cinn a rinneadh ó cuireadh an dearbhú cáilíochta deireanach i gcrích nuair a bheidh siad ag ullmhú don chéad dearbhú cáilíochta eile.

## **CUID 2**

Caighdeán agus treoirlínte  
maidir le dearbhú cáilíochta seachtrach

---

## 2.1 Dearbhú cáilíochta inmheánach a bhreithniú

### Caighdeán

Ba chóir don dearbhú cáilíochta seachtrach aghaidh a thabhairt ar éifeachtacht na bpróiseas dearbhaithe cáilíochta inmheánacha ar cuireadh síos orthu i gCuid 1 de na ESG.

### Treoirlínte

Tá an dearbhú cáilíochta san ardoideachas bunaithe ar fhreagracht na n-institiúidí as cáilíocht a gcuid cláracha agus soláthar eile; dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go dtugann an dearbhú cáilíochta seachtrach aitheantas don fhreagracht institiúideach as dearbhú cáilíochta agus go dtacaíonn sé leis sin. Tá caighdeán Chuid 1 mar chuid den dearbhú cáilíochta seachtrach le go ndéantar an nasc a dhaingniú idir an dearbhú cáilíochta inmheánach agus an dearbhú cáilíochta seachtrach. Is féidir aghaidh a thabhairt orthu ar bhealaí difriúla, ag brath ar chineál an dearbhaithe cáilíochta sheachtraigh.

## 2.2 Modheolaíochtaí a dhearadh atá oiriúnach don chuspóir

### Caighdeán

Ba chóir dearbhú cáilíochta seachtrach a shainiú agus a dhearadh lena chinntiú go sonrach go bhfuil sé oiriúnach lena chuid aidhmeanna agus spriocanna a bhaint amach atá leagtha amach dó agus aird á cur ar na rialacháin ábhartha. Ba chóir do na páirtithe leasmhara a bheith páirteach san obair lena dhearadh agus le feabhas leanúnach a chur air.

### Treoirlínte

Tá sé ríthábhachtach go bhfuil an dearbhú cáilíochta seachtrach ag úsáid aidhmeanna soiléire atá comhaontaithe ag na páirtithe leasmhara le héifeachtacht agus neamhchlaontacht a chinntiú. In aidhmeanna, spriocanna agus cur i bhfeidhm na bpróiseas:

- Tugtar ar aird leibhéal ualach na hoibre agus leibhéal an chostais a chuirfidh siad ar institiúidí;
- Cuirtear san áireamh an riachtanas tacú le h-institiúidí feabhas a chur ar cháilíocht;
- Is féidir le h-institiúidí an feabhsúchán sin a léiriú;
- Tugtar eolas soiléir faoi na torthaí agus faoin obair atá le cur i gcrích ina dhiaidh.

Beidh an córas don dearbhú cáilíochta seachtrach in ann feidhmiú ar bhealach níos solúbtha más féidir le h-institiúidí a léiriú chomh héifeachtach agus atá a ndearbhú cáilíochta inmheánach féin.

## 2.3 Próisis maidir le cur i bhfeidhm

### Caighdeán

Ba chóir go mbeadh próisis dearbhaithe cáilíochta sheachtraigh iontaofa, úsáideach agus réamhshainithe. Ba chóir iad a chur i bhfeidhm go comhleanúnach agus iad a fhoilsiú. Áirítear orthu

- féinmheasúnú nó a chóibhéis;
- measúnú seachtrach, lena n-áirítear cuairt ar an ionad, de ghnáth;
- tuarascáil de thoradh an mheasúnaithe sheachtraigh;
- obair chomhleanúnach ina dhiaidh.

### Treoirlínte

Cinntíonn dearbhú cáilíochta seachtrach a chuirtear i gcrích ar bhonn gairmiúil, comhleanúnach agus trédhearcach go nglactar leis agus go bhfuil tionchar aige.

Ag brath ar dhearadh an chórais dhearbhaithe cáilíochta sheachtraigh, is é a chuireann an institiúid an bonn faoin dearbhú cáilíochta seachtrach trí féinmheasúnú nó trí ábhar eile a thiomsú, lena n-áirítear fianaise thacaíochta. Chomh maith leis na doiciméid scríofa, cuirtear páirtithe leasmhara faoi agallamh, de ghnáth, le linn cuairt a thabhairt ar an ionad. Tá achoimre ar thorthaí an mheasúnaithe i dtuarascáil (féach Caighdeán 2.5) a scríobhann grúpa de shaineolaithe seachtracha (féach Caighdeán 2.4).

Níl an dearbhú cáilíochta seachtrach críochnaithe le tuarascáil na saineolaithe. Tugann an tuarascáil treoir shoiléir do bhearta na hinstiúide. Tá próiseas iardhearbhaithe comhleanúnach ag gníomhaireachtaí le bearta a bhreithniú a chuirfidh an instiúid i gcrích. Beidh cinéal an phróisis sin ag brath ar dhearadh an dearbhaithe cáilíochta sheachtraigh.

## 2.4 Saineolaithe piarmheasúnaithe

### Caighdeán

Is iad na grúpaí de shaineolaithe seachtracha, ar a n-áirítear mac léinn nó mic léinn mar bhaill den ghrúpa, ar chóir dóibh an dearbhú cáilíochta seachtrach a chur i gcrích.

### Treoirlínte

I gcoilár an dearbhaithe cáilíochta sheachtraigh, tá an raon leathan saineolais a thugann saineolaithe piarmheasúnaithe, rud a chuireann go mór le hobair na gníomhaireachta trí ionchur ó thairimí agus ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear instiúidí, acadóirí, mic léinn agus fostóirí/cleachtóirí gairmiúla.

Lena chinntiú go bhfuil meas ar obair na saineolaithe agus go bhfuil an obair sin comhleanúnach,

- roghnaítear na saineolaithe go cúramach
- tá scileanna oiriúnacha acu agus tá siad inniúil chun an tasc atá acu a chur i gcrích;
- tá tacaíocht acu mar gheall ar oiliúint oiriúnach agus treoir eolais.

Cinntíonn an ghníomhaireacht neamhspleáchas na saineolaithe trí mheicníocht a chur i bhfeidhm nach dtarlódh aon choimhlint leasa.

Tá sé inmhianaithe go mbíonn saineolaithe idirnáisiúnta páirteach sa dearbhú cáilíochta seachtrach, mar shampla mar bhaill de phainéil piarmheasúnaithe, mar go gcuireann sé gné bhreise leis na próisis a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

## 2.5 Critéir i leith torthaí

### Caighdeán

Cibé torthaí nó breithiúnas a dhéantar tar éis dearbhaithe cáilíochta sheachtraigh, ba chóir iad sin a bhunú ar chritéir atá soiléir agus foilsithe agus a chuirtear i bhfeidhm go comhleanúnach, is cuma cé acu a dhéantar cinneadh foirmiúil de thoradh an phróisis nó nach ndéantar.

### Treoirlínte

Imríonn an dearbhú cáilíochta seachtrach agus go háirithe a chuid torthaí tionchar suntasach ar instiúidí agus ar chláir atá á measúnú agus á mbreithniú.

Ar mhaithe le cothromas agus le hiontaofacht, is é atá torthaí dearbhaithe cáilíochta sheachtraigh bunaithe ar chritéir atá réamhshainithe agsú foilsithe ar chritéir iad a léirmhíneáir ar bhonn comhleanúnach agus atá bunaithe ar an bhfianaise. Ag brath ar an gcóras dearbhaithe cáilíochta sheachtraigh, is féidir le torthaí a bheith i bhfoirmeacha difriúla, mar shampla, moltaí, breithiúnais nó cinntí foirmiúla.

## 2.6 Tuairisciú

### Caighdeán

Ba chóir tuarascálacha iomlána leis na saineolaithe a fhoilsiú, iad a bheith soiléir agus inrochtana don phobal acadúil, do pháirtithe leasmhara seachtracha agus do dhaoine aonair eile. Má dhéanann an ghníomhaireacht aon chinneadh foirmiúil atá bunaithe ar na tuarascálacha, ba chóir an cinneadh sin a fhoilsiú leis an tuarascáil.

## Treoirlínte

Is í an tuarascáil leis na saineolaithe is cúis leis an institiúid gníomhú i ndiaidh an mheasúnaithe sheachtraigh agus cuireann sí eolas ar fáil don tsochaí faoi ghníomaíochtaí institiúide. Le go mbeifear in ann úsáid a bhaint as an tuarascáil mar bhonn leis na bearta atá le cur i gcrích, tá sé riachtanach go bhfuil sí soiléir agus achomair ina leagan amach agus ina teanga agus cuimseoidh sí na nithe seo a leanas

- cur síos ar an gcomhthéacs (a chabhraíonn leis an institiúid ardoideachais a shuí ina comhthéacs ar leith);
- cur síos ar an nós imeachta indibhidiúil, lena n-áirítear saineolaithe a bhí páirteach;
- fianaise, anailís agus torthaí;
- conclúidí;
- gnéithe den dea-chleachtas, a léirigh an institiúid;
- moltaí le haghaidh bearta a chur i gcrích ina dhiaidh.

Is féidir go mbeidh achoimre ar an tuarascáil úsáideach.

Cuirtear go mór le cruinneas fíorasach tuarascála más rud é go dtugtar an deis don institiúid botúin fhíorasacha a chur in iúl sula gcuirfean an leagan deiridh den tuarascáil i dtoll a chéile.

## 2.7 Gearáin agus achomhairc

### Caighdeán

Ba chóir próisis ghearán agus achomharc a shainiú go soiléir mar chuid de dhearadh próisis dearbhaithe cáilíochta sheachtraigh agus ba chóir iad sin a chur in iúl do na hinstitiúidí.

### Treoirlínte

Chun cearta na n-institiúidí a chosaint agus cinnteoireacht chothrom a chinntiú, tá an dearbhú cáilíochta seachtrach á chur i gcrích ar bhonn oscailte cuntasach. Ina ainneoin sin, d'fhéadfaí míthuiscintí nó cásanna míshastachta teacht chun cinn faoin bpróiseas nó faoi na torthaí foirmiúla.

Ta sé riachtanach go bhfuil teacht ag institiúidí ar phróisis a chuireann ar a gcumas ábhar imní a chur in iúl don ghníomhaireacht; ní mór do na gníomhaireachtaí déileáil le hábhar imní den chineál sin go gairmiúil trí phróiseas léirmhínte atá á chur i bhfeidhm ar bhonn comhleanúnach.

I nós imeachta maidir le gearáin, cuirtear ar chumas institiúide a míshástacht a thabhairt le fios faoi fheidhmiú an phróisis nó faoi na daoine sin atá á chur i gcrích.

I nós imeachta maidir le hachomhairc, ceistíonn an institiúid torthaí foirmiúla an phróisis nuair is féidir léi a léiriú nach bhfuil an toradh bunaithe ar fhianaise iontaofa, nár cuireadh na critéir i bhfeidhm mar ba cheart nó nár cuireadh na próisis i bhfeidhm ar bhonn comhleanúnach.

## **CUID 3**

Caighdeán agus treoirlínte do  
ghníomhaireachtaí um dhearbhú cáilíochta

---

## 3.1 Gníomhaíochtaí, polasaí agus próisis le haghaidh dearbhú cáilíochta

### Caighdeán

Ba chóir do ghníomhaireachtaí tabhairt faoi ghníomhaíochtaí dearbhaithe cáilíochta sheachtraigh mar a shonraítear i gCuid 2 de na ESG ar bhonn rialta. Ba chóir go mbeadh cuspóirí agus spriocanna soiléire sothuigte acu mar chuid dá ráiteas misin atá ar fáil don phobal. Ba chóir go mbeidís á gcur i bhfeidhm in obair na gníomhaireachta ó lá go lá. Ba chóir do ghníomhaireachtaí a chinntiú go bhfuil páirtithe leasmhara páirteach sa rialachas agus san obair acu.

### Treoirínite

Lena chinntiú go bhfuil brí sa dearbhú cáilíochta seachtrach, tá sé tábhachtach go gcuireann institiúidí agus an pobal muinín i ngníomhaireachtaí.

Dá bharr sin, déantar cur síos ar na spriocanna agus ar na cuspóirí atá sna gníomhaíochtaí dearbhaithe cáilíochta agus foilsítear iad mar aon le cineál an idirchaidrimh idir na gníomhaireachtaí agus na páirtithe leasmhara ábhartha san ardoideachas, go háirithe na hinstiúidí ardoideachais, agus scóip obair na ngníomhaireachtaí.

D'fhéadfaí cur le saineolas na gníomhaireachta trí bhaill idirnáisiúnta a chur ar choistí gníomhaireachta. Cuireann gníomhaireachtaí raon éagsúil de ghníomhaíochtaí dearbhaithe cáilíochta i gcrích le cuspóirí difriúla a bhaint amach. Ina measc sin, tá meastóireacht, athbhreithniú, iniúchóireacht, measúnú, creidiúnú nó gníomhaíochtaí eile den chineál céanna ar leibhéal an cláir nó ar leibhéal na hinstiúide a d'fhéadfaí a chur i gcrích ar bhealaí difriúla. Nuair a chuireann na gníomhaireachtaí gníomhaíochtaí eile i gcrích, ní mór idirdhealú soiléir a dhéanamh idir dearbhú cáilíochta seachtrach agus réimsí oibre eile.

## 3.2 Stádas oifigiúil

### Caighdeán

Ba chóir go mbeadh bonn dlí socraithe ag gníomhaireachtaí agus ba chóir go dtabharfadh údaráis phoiblí inniúla aitheantas forimiúil dóibh.

### Treoirínite

Go sonrach nuair a chuirtear dearbhú cáilíochta seachtrach i gcrích le haghaidh cuspóirí rialaitheacha, ní mór d'instiúidí muinín a bheith acu go bhfuil glacadh ag an stát, ag na páirtithe leasmhara agus ag an bpobal le torthaí an phróisis seo laistigh dá gcóras ardoideachais.

## 3.3 Neamhspleáchas

### Caighdeán

Ba chóir d'instiúidí bheith neamhspleách agus gníomhú saor ó thionchar seachtrach. Ba chóir go mbeadh freagracht iomlán orthu as a gcuid feidhmeanna agus as torthaí na bhfeidhmeanna sin gan tionchar tríú páirtí.

### Treoirínite

Tá gníomhaireachtaí neamhspleácha ag teastáil ó instiúidí uathrialaitheacha mar chomheagraíochtaí. Nuair atá neamhspleáchas gníomhaireachta á bhreithniú, tá tábhacht leis na nithe seo a leanas:

- Neamhspleáchas eagrúcháin, á léiriú i ndoiciméid oifigiúla (m.sh. ionstraimí rialtais, achtanna nó rialacha eagraíochta) a dhéanann coinníoll de gur chóir go mbeadh obair na gníomhaireachta neamhspleách ar thríú páirtithe, mar instiúidí ardoideachais, rialtais agus eagraíochtaí páirtithe leasmhara eile;
- Neamhspleáchas eagrúcháin: Is ar bhonn neamhspleách ó thríú páirtithe mar instiúidí ardoideachais, rialtais agus páirtithe leasmhara eile a chuirtear sainiú agus feidhmiú nósanna imeachta agus modhanna na gníomhaireachta i gcrích chomh maith le saineolaithe seachtracha a ainmniú agus a cheapadh;



- Neamhpleáchas torthaí foirmiúla: cé go nglacann saineolaithe ó chúlráí páirtithe leasmhara ábhartha, go háirithe mic léinn, páirt i bpróisis dearbhaithe cáilíochta, is í an ghníomhaireacht féin atá freagrach as na torthaí deireanacha a thagann amach as na próisis dearbhaithe cáilíochta.

Cuirtear in iúl don té atá páirteach i ngníomhaíochtaí dearbhaithe cáilíochta sheachtraigh don ghníomhaireacht (m.sh. mar shaineolaí) go bhfuil siad, cé go bhféadfadh tríú páirtí iad a ainmniú, ag gníomhú i gcáil phearsanta agus nach bhfuil siad ag feidmiú thar ceann a n-eagraíochtaí comhpháirte nuair a bhíonn siad ag obair don ghníomhaireacht. Tá tábhacht leis an neamhspleáchas a chinnteoidh go bhfuil cibé nósanna imeachta agus cinntí bunaithe ar shaineolas amháin.

### 3.4 Anailís de réir téama

#### Caighdeán

Ba chóir do ghníomhaireachtaí tuarascálacha a fhoilsiú ar bhonn rialta a chuireann síos ar na cinntí ginearálta óna ngníomhaíochtaí dearbhaithe cáilíochta sheachtraigh agus a dhéanann anailís orthu.

#### Treoirínite

Le linn na hoibre, tagann gníomhaireachtaí ar eolas faoi chláracha agus institiúidí agus is féidir leis an eolas sin bheith úsáideach lasmuigh de scóip próisis aonair. Cuireann sé ábhar ar fáil le haghaidh anailísí struchtúrtha ar fud chóras an ardoideachais. Is féidir leis na torthaí sin cur le tuiscint ar pholasaithe agus ar phróisis dearbhaithe cáilíochta i gcomhthéacsanna institiúideacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus feabhas a chur orthu.

Má dhéantar anailís chríochnúil chúramach ar an eolas sin, léireofar forbairtí, treochtaí agus réimsí deachleachtais nó deacrachtaí leanúnacha.

### 3.5 Acmhainní

#### Caighdeán

Ba chóir go mbeadh acmhainní oiriúnacha sásúla, idir dhaonacmhainní agus acmhainní airgeadais, ag gníomhaireachtaí lena gcuid oibre a chur i gcrích.

#### Treoirínite

Tá sé chun leas an phobail go dtugtar maoiniúchán oiriúnach sásúil do ghníomhaireachtaí de bharr chomh tábhachtach agus atá tionchar an ardoideachais ar fhorbairt na sochaí agus daoine aonair. Cuireann acmhainní na ngníomhaireachtaí ar a gcumas a ngníomhaíochtaí dearbhaithe cáilíochta sheachtraigh a eagrú agus a reáchtáil ar bhonn éifeachtach éifeachtúil. Ina theannta sin, cuireann na hacmhainní ar chumas na ngníomhaireachtaí feabhsú, machnamh ar a gcleachtas agus an pobal a chur ar an eolas faoina gcuid gníomhaíochtaí.

### 3.6 Dearbhú cáilíochta inmheánach agus iompar gairmiúil

#### Caighdeán

Ba chóir go mbeadh próisis curtha i bhfeidhm maidir le dearbhú cáilíochta inmheánach a bhaineann le cáilíocht agus ardchaighdeán a gcuid gníomhaíochtaí a shainiú, a dhearbhu agus a fheabhsú.

#### Treoirínite

Ní mór do ghníomhaireachtaí bheith freagrach dá bpáirtithe leasmhara. Dá bhrí sin, tá ardchaighdeán agus iontaofacht in obair na ngníomhaireachtaí riachtanach amach is amach. Déantar athbhreithniú ar a gcuid gníomhaíochtaí agus cuirtear feabhas orthu i rith an ama, rud a chinntíonn go bhfuil scoth na seirbhísí á gcur ar fáil d'institiúidí agus don tsochaí.

Cuireann gníomhaireachtaí polasaí maidir le dearbhú cáilíochta inmheánach i bhfeidhm agus tá sin ar fáil ar an suíomh gréasáin. Maidir leis an bpolasaí sin:

- Cinntíonn sé go bhfuil gach duine atá páirteach ina gníomhaíochtaí inniúil agus go bhfuil siad ag gníomhú go gairmiúil agus go heiticúil;
- Cuimsíonn sé meicníochtaí maidir le haiseolas seachtrach agus inmheánach arb é an toradh atá orthu go gcuirtear feabhas leanúnach i gcrích laistigh den ghníomhaireacht;
- Tugann sé cosaint in aghaidh éadulaingt nó leithcheal d'aon chineál;
- Tugann sé achoimre ar an gcumarsáid chuí le húdaráis ábhartha na ndlínsí sin ina bhfuil siad ag feidhmiú;
- Cinntíonn sé go bhfuil cibé gníomhaíochtaí a chuirtear i gcrích nó ábhar a chuireann fochonraitheoirí amach ag teacht leis na ESG, más rud é go bhfuil cuid de na ghnéithe sin nó na gnéithe go léir dá gcuid gníomhaíochtaí dearbhaithe cáilíochta sheachtraigh curtha ar fochonradh chuig páirtithe eile;
- Ceadaíonn sé don ghníomhaireacht stádas na n-institiúidí a bhunú agus aitheantas a thabhairt dóibh lena gcuireann siad dearbhú cáilíochta seachtrach i gcrích.

## 3.6 Athbhreithniú seachtrach rialta ar ghníomhaireachtaí

### Caighdeán

Ba chóir athbhreithniú seachtrach a dhéanamh ar ghníomhaireachtaí ar a laghad uair amháin gach cúig bliana chun a léiriú go bhfuil siad ag cloí leis na ESG.

### Treoirínite

Cabhróidh athbhreithniú seachtrach tráthrialta leis an ngníomhaireacht machnamh ar a cuid polasaithe agus gníomhaíochtaí. Cuireann sé slí ar fáil ina ndearbhaítear don ghníomhaireacht agus dá cuid páirtithe leasmhara go bhfuil sí ag cloí go leanúnach leis na prionsabail atá cumhdaithe sna ESG.

### **III. Iarscríbhinn: Achoimre ar chaighdeáin**

#### **Cuid 1**

#### **Caighdeáin maidir le dearbhú cáilíochta inmheánach**

##### **1.1 Polasaí maidir le Dearbhú Cáilíochta**

Ba chóir go mbeadh polasaí maidir le dearbhú cáilíochta ag institiúidí a chuirfí ar fáil don phobal agus a bheadh mar dhlúthchuid den bhainistíocht straitéise acu. Ba chóir do pháirtithe leasmhara inhmeánacha an polasaí sin a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm trí struchtúir agus trí phróisis oiriúnacha agus iad ag tabhairt ar pháirtithe leasmhara seachtracha a bheith páirteach san obair sin ag an am céanna.

##### **1.2 Cláracha a Dhearadh agus a Fhaomhadh**

Ba chóir go mbeadh próisis ag institiúidí lena gcuid cláracha a dhearadh agus a fhaomhadh. Ba chóir na cláracha a dhearadh le go mbainfidís na spriocanna amach atá leagtha amach dóibh, lena n-áirítear na torthaí foghlama atá beartaithe. Ba chóir an cháilíocht sin a bhaintear amach de thoradh cláir a lua go sonrach agus a chur in iúl go soiléir, agus tagairt do leibhéal ceart an chreata náisiúnta cáilíochtaí um ardoideachas agus, dá bharr sin, tagairt don Chreat Cáilíochtaí i Limistéar Eorpach an Ardoideachais.

##### **1.3 Foghlaim, Teagasc agus Measúnú atá Dírithe ar an Mac Léinn**

Ba chóir d'institiúidí a chinntiú go soláthrófaí cláracha ar dhóigh a spreagtar mic léinn ról gníomhach a ghlacadh i gcruthú an phróisis foghlama, agus go mbeadh an cur chuige sin le feiceáil go soiléir le linn na mic léinn a mheasúnú.

##### **1.4 An Mac Léinn: Iontráil, Dul Chun Chinn, Aitheantas agus Teastasú**

Ba chóir d'institiúidí rialacháin réamhshainithe fhoilsithe a chur i bhfeidhm i gcónaí a chuimsíonn gach céim de "shaolré" an mhic léinn, m.sh. iontráil an mhic léinn, dul chun cinn, aitheantas agus teastasú.

##### **1.5 Foireann teagaisc**

Ba chóir d'institiúidí inniúlacht a gcuid múinteoirí a dhearbhú dóibh féin. Ba chóir dóibh próisis chothroma thrédhearacha a chur i bhfeidhm le foireann a earcú agus a fhorbairt.

##### **1.6 Acmhainní foghlama agus tacaíocht don mhac léinn**

Ba chóir maoiniúchán mar is cuí a chur ar fáil d'institiúidí le haghaidh gníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc agus ba chóir dóibh a chinntiú go gcuirfí acmhainní foghlama fóirsteanacha inrochtana agus tacaíocht don mhac léinn ar fáil.

##### **1.7 Bainistiú faisnéise**

Ba chóir d'institiúidí a chinntiú go dtiomsóidís faisnéis ábhartha, anailís a dhéanamh uirthi agus úsáid a bhaint aisti le cláracha agus gníomhaíochtaí eile dá gcuid a bhainistiú go héifeachtach.

##### **1.8 Eolas poiblí**

Ba chóir d'institiúidí eolas a phoibliú faoina gcuid gníomhaíochtaí, lena n-áirítear eolas faoi chláracha, atá soiléir, beacht, oibiachtúil, cothrom le dáta agus inrochtana.

## 1.9 Monatóireacht leanúnach agus athbhreithniú tráthrialta ar chláracha

Ba chóir d'institiúidí monatóireacht a dhéanamh ar a gcláracha agus athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh orthu a chinnteodh go mbainfidís na spriocanna amach atá leagtha amach dóibh agus go mbeidís ag riar do riachtanais na mac léinn agus na sochaí. Is é an toradh a bheadh ar na hathbhreithnithe sin go gcuirfí feabhas leanúnach ar an gclár. Más mian leis an institiúid aon bhearta a phleanáil nó a chur i gcrích dá thoradh sin, ba chóir é sin a chur in iúl go soiléir dóibh sin go léir lena mbaineann.

## 1.10 Dearbhú cáilíochta seachtrach féilteúil

Ba chóir dearbhú cáilíochta seachtrach a chur i bhfeidhm ar institiúidí de réir na ESG ar bhonn féilteúil.

### Cuid 2

## Caighdeán um dhearbhu cáilíochta seachtrach

### 2.1 Dearbhú cáilíochta inmheánach a bhreithniú

Ba chóir don dearbhú cáilíochta seachtrach aghaidh a thabhairt ar éifeachtacht na bpróiseas dearbhaithe cáilíochta inmheánach ar cuireadh síos orthu i gCuid 1 de na ESG.

### 2.2 Modheolaíochtaí a dhearadh atá oiriúnach don chuspóir

Ba chóir dearbhú cáilíochta seachtrach a shainiú agus a dhearadh lena chinntiú go sonrach go bhfuil sé oiriúnach lena chuid aidhmeanna agus spriocanna a bhaint amach atá leagtha amach dó agus aird á cur ar na rialacháin ábhartha. Ba chóir do na páirtithe leasmhara bheith páirteach san obair lena dhearadh agus le feabhas leanúnach a chur air.

### 2.3 Próisis maidir le cur i bhfeidhm

Ba chóir go mbeadh próisis dearbhaithe cáilíochta sheachtraigh iontaofa, úsáideach agus réamhshainithe. Ba chóir iad a chur i bhfeidhm go comhleanúnach agus iad a fhoilsiú. Áirítear orthu

- féinmheasúnú nó a chóibhéis;
- measúnú seachtrach, lena n-áirítear cuairt ar an ionad, de ghnáth;
- tuarascáil de thoradh an mheasúnaithe sheachtraigh;
- obair chomhleanúnach ina dhiaidh.

### 2.4 Saineolaithe piarmheasúnaithe

Is iad na grúpaí de shaineolaithe seachtracha, ar a n-áirítear mac léinn nó mic léinn mar bhaill den ghrúpa, ar chóir dóibh an dearbhú cáilíochta seachtrach a chur i gcrích.

### 2.5 Critéir i leith torthaí

Cibé torthaí nó breithiúnas a dhéantar tar éis dearbhaithe cáilíochta sheachtraigh, ba chóir iad sin a bhunú ar chritéir atá soiléir agus foilsithe agus a chuirtear i bhfeidhm go comhleanúnach, is cuma cé acu a dhéantar cinneadh foirmiúil de thoradh an phróisis nó nach ndéantar.

### 2.6 Tuairisciú

Ba chóir tuarascálacha iomlána leis na saineolaithe a fhoilsiú, iad a bheith soiléir agus inrochtana don phobal acadúil, do pháirtithe leasmhara seachtracha agus do dhaoine aonair eile. Má dhéanann an ghníomhaireacht aon chinneadh foirmiúil atá bunaithe ar na tuarascálacha, ba chóir an cinneadh sin a fhoilsiú leis an tuarascáil.

## 2.7 Gearáin agus achomhairc

Ba chóir próisis ghearán agus achomharc a shainiú go soiléir mar chuid de dhearadh próisis dearbhaithe cáilíochta sheachtraigh agus ba chóir iad sin a chur in iúl do na hinstiúidí.

### Cuid 3

## Caighdeán do ghníomhaireachtaí um dhearbhú cáilíochta

### 3.1 Gníomhaíochtaí, polasaí agus próisis le haghaidh dearbhú cáilíochta

Ba chóir do ghníomhaireachtaí tabhairt faoi ghníomhaíochtaí dearbhaithe cáilíochta sheachtraigh mar a shonraítear i gCuid 2 de na ESG ar bhonn rialta. Ba chóir go mbeadh cuspóirí agus spriocanna soiléire sothuigthe acu mar chuid dá ráiteas misin atá ar fáil don phobal. Ba chóir go mbeidís á gcur i bhfeidhm in obair na gníomhaireachta ó lá go lá. Ba chóir do ghníomhaireachtaí a chinntiú go bhfuil páirtithe leasmhara páirteach sa rialachas agus san obair acu.

### 3.2 Stádas oifigiúil

Ba chóir go mbeadh bonn dlí socraithe ag gníomhaireachtaí agus ba chóir go dtabharfadh údaráis phoiblí inniúla aitheantas forimiúil doibh.

### 3.3 Neamhspleáchas

Ba chóir d'instiúidí bheith neamhspleách agus gníomhú saor ó thionchar seachtrach. Ba chóir go mbeadh freagracht iomlán acu as a gcuid feidhmeanna agus as torthaí na bhfeidhmeanna sin gan tionchar tríú páirtí.

### 3.4 Anailís de réir téama

Ba chóir do ghníomhaireachtaí tuarascálacha a fhoilsiú ar bhonn rialta a chuireann síos ar na cinntí ginearálta óna ngníomhaíochtaí dearbhaithe cáilíochta sheachtraigh agus a dhéanann anailís orthu.

### 3.5 Acmhainní


Ba chóir go mbeadh acmhainní oiriúnacha sásúla, idir dhaonacmhainní agus acmhainní airgeadais, ag gníomhaireachtaí lena gcuid oibre a chur i gcrích.

### 3.6 Dearbhú cáilíochta inmheánach agus iompar gairmiúil

Ba chóir go mbeadh próisis curtha i bhfeidhm maidir le dearbhú cáilíochta inmheánach a bhaineann le cáilíocht agus ardchaighdeán a gcuid gníomhaíochtaí a shainiú, a dhearbhú agus a fheabhsú.

### 3.7 Athbhreithniú seachtrach rialta ar ghníomhaireachtaí

Ba chóir athbhreithniú seachtrach a dhéanamh ar ghníomhaireachtaí ar a laghad uair amháin gach cúig bliana chun a léiriú go bhfuil siad ag cloí leis na ESG.



Is iad na Caighdeáin agus na Treoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta i Limistéar Eorpach an Ardoideachais, na Caighdeáin agus na Treoirlínte Eorpacha nó ESG mar a thugtar orthu freisin, an bonn atá faoi dhearbhu cáilíochta i Limistéar Eorpach an Ardoideachais (EHEA). Bhí siad ar na nithe ba mhó tábhacht a gnóthaíodh le deich mbliana anuas de bharr Phróiseas Bologna agus Mheitheal Oibre Iar-Bologna (BFUG), an struchtúr ina dhiaidh sin.